orthu. Beidh forbairtí nua i réimsí cosúil le ríomhaireacht néil, anailísíocht sonraí, Idirlíon Rudaí, priontáil 3-T, teicneolaíochta inchaite agus innill chliste ina n-ionaid ghoir agus ina bhfoinsí gnó agus deiseanna nua a chinnteoidh, mar is dóigh linn, go gcuirfidh cliant nua suim sa Mhol Digiteach mar shuíomh i gcónaí.

Lena chois sin tharla roinnt mórfhorbairtí in 2014 ar mhéadú an champais. Áiríodh orthu seo: athchóiriú ar an tigin Geata a críochnaíodh go luath in 2014, na forbairtí ar an nGrainstore agus Cúinne Sráid na Craenach ar cuireadh tús leo in 2014 agus a bheidh ullamh le haghaidh úsáide le linn 2015 agus go luath in 2016 faoi seach. Soláthraíonn siad breis is 15,000 troigh chearnach de spás oifige breise den scoth.



a scáilú

Ar bhuaicphointí an Mhoil Dhigitigh le linn 2014 áirítear:

- > Seoladh cóiríocht do mhic léinn agus forbairt Grainstore a rinne an tAire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní nádúrtha ar an 24 Márta. Cuireadh tús leis an obair ar an nGrainstore agus ar fhorbairtí cóiríochta do mhic léinn i mí Lúnasa agus táimid ag súil le hiad a bheith críochnaithe in 2015 agus in 2016 faoi seach.
- > Comhaontaíodh cómhaoiniú do chobhsú agus athchóiriú Uimh. 7 & 8 Sráid Thomáis agus Uimh. 1 Sráid na Craenach, dá nglaoitear Cúinne Sráid na Craenach ó Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath agus ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha.
- > Tionscnaíodh pleananna d'fhorbairt láthair Vathouse 7 (laisteas de Shráid Thomáis) faoin Múnla Idirphlé lomaíoch in 2014.
- > Reáchtáladh seimineár ar thacaíochtaí fiontair d'fhiontair bheaga le tacaíocht ó Bhaincéireacht Ghnó de chuid Bhanc na hÉireann. Thug cainteoirí ón Oifig Fiontair Áitiúil, FÉ agus Micreairgeadas Éireann cainteanna.
- > Le linn na bliana d'eagraigh an Mol Digiteach a lán imeachtaí agus bhí mar óstach acu. Áirítear orthu: cruinnithe maidine chun líonrú idir cuideachtaí cliant a éascú, sraith d'imeachtaí tacaíochta fiontair (m. sh. Barrchleachtas d'Iontráil i Margadh na S.A., ceardlanna caidrimh phoiblí), láithreoireachtaí le fiontraíthe rathúla (cosúil le Mark Little ó Storyful) agus hackathon hack4good de chuid Geeklist.
- > Bhí an Mol Digiteach mar óstach ag roinnt toscaireachtaí ó thíortha thar lear lena n-áirítear: An Gobharnóir Li Xueyong (Jiangsu na Síne), Roinn Forbairt Eacnamaíochta na hEastóine agus Comhdháil Ghnó Meicseacó/Baile Átha Cliath.
- > Bronnadh an gradam 'Very Best Place to Be' an Campas Goir/Campas Teic is fearr ar an Mol ag Gradaim Net Visionary de chuid Chumann Idirlín na hÉireann.
- > Chríochnaigh an Tionscadal Eiseamláir dhá bhliana um Leathanbhanda na Scoileanna a óstaíodh i Meánscoil Warrenmount, Baile Átha Cliath 8, i mí Mheithimh 2014. Is go beoga a léirigh an tionscadal seo cumhacht an leathanbhanda 100Mb chun torthaí oideachais thar cinn a thabhairt trí teicneolaíocht agus foghlaim dhigiteach a chur i bhfeidhm i suíomh scoile. Rinne an tAire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha, an tUas. Alex White T.D. tagairt do rath an tionscadail seo ag searmanas sa scoil agus é ag éisteacht le láithreoireachtaí a thug múinteoirí agus daltaí.
- > Ba é taispeántas deireadh na bliana a d'óstaigh na comhpháirtithe cláir, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh, buaicphointe tríú babhta an cháir rathúil Future Creators de chuid an Mhoil. Clár é seo do dhaltaí scoile áitiúla idir 14 agus 16 bliana d'aois. Bhí Ciaran Cannon T.D., Aire Oiliúna & Scileanna ag an Roinn Oideachais & Scileanna a bhí i gceannas go hoifigiúil ag an ócáid. Cuireadh tús leis an ceathrú babhta de Future Creators i mí Dheireadh Fómhair 2014.



- > Lean Clár Sláinte nuálach an Mhoil air ag fás agus ag forbairt. Agus é ag comhoibriú as lámh a chéile leis an Mol Nuála Sláinte (Health Innovation Hub), tugann sé deiseanna d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide comhoibriú le cliniceoirí chun dúshláin maidir le cúram sláinte a réiteach. D'éagraigh an Mol comhdháil i gcomhar leis an Mol Nuála Sláinte agus d'éirigh le comhpháirtíocht le heagraíochtaí sláinte eile chun maoiniú a aimsiú faoin gclár Beatha Shláintiúil agus Aosú Gníomhach i bPobal an Eolais (KIC) agus na Nuálaíochta atá ag fáil tacaíochta ón AE.
- > I mí na Nollag d'éirigh leis an Mol maoiniú a aimsiú tríd an Scéim Phobail BenefIT atá á tacú ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha, d'fhonn oiliúint dhigiteach a sheachadadh do dhaoine aonair agus do ghnóthais sa phobal áitiúil.

Le linn 2014 rinneadh dul chun cinn suntasach chun aistriú an Mhoil Dhigitigh chuig Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath a chur i gcrích. Géaraíodh an dul chun cinn go mór tar éis straitéis 5-bliana maidir le haistriú an Mhoil faoi choimirce Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath a bheith curtha faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha agus cuairt an Aire White ar an Mol Digiteach ina dhiaidh sin i mí na Nollag 2014. Agus na forbairtí seo déanta tá an bóthar réidh um an taca seo don Mol Digiteach tabhairt faoi shaothrú a chuid cuspóirí straitéiseacha a rachaidh go mór chun tairbhe don bpobal áitiúil, don gCathair agus don Stáit.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú agus buíochas a ghabháil leis an líon mór luchtanna leasa a thugann tacaíocht do thogra an Mhoil Dhigitigh. Áirítear orthu an tAire agus a chuid oifigeach sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní

Nádúrtha, Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath, ÚFT Éireann, Fiontar Éireann, an Oifig Fiontair Áitiúil, ár gcuid cuideachtaí fiontair claint, scoileanna agus coláiste sa phobal agus an pobal áitiúil agus a chuid cumann.

Faoi dheireadh, mar fhocal pearsanta uaim, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le foireann go léir Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh a chuir fáilte is fiche romham ó ceapadh mé mar POF.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le bail an Bhord Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh agus go háirithe leis an gCathaoirleach, Paul Holden.

Gerry Macken

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

OBAIR GNÍOMHAIREACHT FORBARTHA AN MHOIL DHIGITIGH

Soláthraíonn an Mol Digiteach pobal oibre socair solúbtha spreagtha a thacaíonn le comhoibriú, líonrú agus le fás do ghnóthas digiteach.



Sa phictiúr anseo tá foirgneamh athchóirithe Tigin an Gheata a osclaíodh i mí Eanáir 2014. Tugann sé spás breise don Mol Digiteach.



Sa phictiúr anseo ag Gradaim Visionary Net de chuid Chumann Idirlín na hÉireann Dot IE feictear Joan Mulvihill, Cumann Idirlín na hÉireann; Linda McGowan; Gerry Macken, POF Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh; Melissa Meehan, An Mol Digiteach; agus Andrew Hunter ó Silicon Valley Bank.

AG DÍRÚ AR AN MOL DIGITEACH

AN CAMPAS

Cuireadh tús le 2014 le hoscailt foirgneamh Tigin an Gheata i mí Eanáir. Cuireadh tús leis an obair ar an bhfoirgneamh seo go déanach in 2013 chun spás oifige breise a chruthú don Mol Digiteach. Agus é críochnaithe, bhí ocht bhfoirgneamh ag an Mol Digiteach le cur ar fáil do chuideachtaí cliaint. Tá an foirgneamh nua gafa go hiomlán ag cliaint reatha atá ag méadú agus ag fiontair nua.

I mí Mhárta 2014 d'fhógair an Mol Digiteach pleananna chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgneamh an Grainstore a tógadh sa 19ú haois. Tabharfaidh sin 10,650 troigh chearnach breise de spás oifige don Mol ar féidir leis a chur ar fáil do chliaint sa bhraisle. Tá sé beartaithe an fhorbairt seo a bheith críochnaithe faoin 2ra leath de 2015.

Lena chois sin fógraíodh athdheisiú agus athchóiriú roinnt foirgneamh ón 19ú céad ag 1 Sráid na Craenach agus ag 7 & 8 Sráid Thomáis agus tá siad le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2015. Agus iad críochnaithe beidh aonaid mhiondíola ag leibhéal an urláir agus beidh oifigí san iar-spás cónaithe thuas staighre sna heiseamláirí áille ón 19ú céad.

ÍDIÚ FUINNIMH

Úsáidtear an fuinneamh a ídíonn an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach chun oifig tograí agus ionad oibríochtaí líonra na Gníomhaireachta a choinneáil ar siúl. Úsáidtear fuinneamh a ídíonn an oifig tionscadail go príomha i gcomhair solais, teasa, trealamh oifige agus aeráil. Ídítear formhór den bhfuinneamh a úsáideann an Lárionad Oibríochtaí Líonra i gcomhair aerchóireála ó cheann ceann na bliana.



Ar cheann d'fheidhmeanna na Gníomhaireachta áirítear éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt an Mhoil Dhigitigh mar shuíomh d'fhiontair dhigiteacha. Éilíonn sé seo soláthar fuinnimh a shocrú do mhórán dár dtionóntaithe. Cé nach bhfuil aon tionchar díreach ag Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh ar an méid fuinnimh a ídíonn tionóntaí (ná ar an méid a íocann siad as) tá an fuinneamh a d'ídigh na tionóntaí san áireamh thíos. (Nóta: má thugtar bille do thionóntaí go díreach óna soláthraí fuinnimh níl eolas ar an méid fuinnimh a úsáideann siad ag an nGníomhaireacht). Achoimre

ar fuinneamh arna ídiú ag Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh agus braisle an Mhoil.

Tá Gníomhaireacht an Mhoil Dhigitigh rannpháirteach sa chlár atá á bhainistiú ag Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann ina dtuairiscítear ídiú fuinnimh na Gníomhaireachta go bliantúil i gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Fuinnimh na hEarnála Poiblí.

Tá an Gníomhaireacht rannpháirteach i gcomhaontuithe creatlaí um sholáthar leictreachais agus gáis a cheannaíonn an Oifig um Cheannach Poiblí go lárnach.

	2014 kWh	2013 kWh
Leictreachas	820	918
Breoslaí iontaise (gás nádúrtha)	159	387
Breoslaí inathnuaithe	1,274	1,268
Ídiú Iomlán	2,253	2,573



Sa phictiúr anseo tá rannpháirtí Future Creators Erika Kiernan (14) ó Bhaile Bhaicín; Ciaran Cannon TD, Aire Oiliúna & Scileanna ag an Roinn Oideachais & Scileanna; agus rannpháirtí Future Creators Kenneth Dowling (15) ó An Com ag Taispeántas Future Creators.



Sa phictiúr anseo ag an taispeántas chun torthaí tionscadal Eiseamláir Leathanbhanda na Scoileanna a chur chun cinn tá Niamh Delaney; Gwen Brennan, príomhoide; Paul Holden, Cathaoirleach na Gníomhaireachta; Austeja Tutkute; Alex White TD, Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha; Louise Bergen; Gerry Macken POF na Gníomhaireachta; agus Aoife Spratt. Is daltaí Meánscoil na Toirbhearta Warrenmount iad na scoláirí uile.



fiontar & nuáil

AG DÍRÍÚ AR ÁR gCUID TIONSCNAMH DIGITEACH

FUTURE CREATORS

I 2014 leanadh den gclár Future Creators ag an Mol Digiteach. Tá ag éirí go hiontach i gcónaí leis an gclár. Agus é á reáchtáil i gcomhar le Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh (NCAD), tugann Future Creators deis do dhaoine óga ó na Libearthaí agus na pobail mórthimpeall orthu scileanna sna meáin digiteacha a fhorbairt agus a n-acmhainn chruthaitheach a thaiscéaladh. Is é aidhm bhunaidh an chlár ná scoláirí a spreagadh chun tabhairt faoi ghairmréim sna meáin dhigiteacha nó san tionscal/ sna tionscail teicneolaíochta ina bhfuil gá le níos mó céimithe Éireannacha chun freastal ar éileamh.

Ag an tionscnamh tá 24 duine óg idir 13 agus 16 bliana d'aois ag freastal ar ranganna an an Mol Digiteach dhá uair sa tseachtain i gcaitheamh na

bliana acadúla. Bíonn siad ag obair ar thionscail ar nós aipeanna soghluaiste, aipeanna cluichíochta idirghníomhacha agus gearrscannáin. Bhí an searmanas bronnadh céimeanna bliantúil de chuid Future Creators ar siúl ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh i mí Mheithimh 2014, tráth ar bronnadh na teastais um chríochnú cúrsa ar an rannpháirtithe. Thosaigh grúpa nua de dhaoine óga an clár Future Creators i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus críochnóidh siad an clár i mí Mheithimh 2015.

Nocht suirbhé a rinneadh in 2014 ar na rannpháirtithe go léir go dtí sin go rabhtas thar a bheith sásta leis an gclár. Dúirt 85% de fhreagróirí an tsuirbhé go gcuimhneoidís ar thabhairt faoi intéirneacht i gcuideachta na meán dhigiteach nó teicneolaíochta san am atá romhainn agus chuir 80% díobh in iúl gur dócha go n-imreoidh a rannpháirtíocht i Future Creators tionchar ar an gcinneadh faoin rud a dhéanfaidh siad nuair a fhágfaidh siad an scoil.

CLÁR LITEARTHACHTA DIGITÍ DON BPOBAL ÁITIÚIL

Bronnadh deontas ar an Mol Digiteach faoin gClár Benefit chun obair le comhpháirtithe áitiúla d'fhonn clár oiliúna digití saor in aisce a sholáthar do chónaitheoirí agus gnólachtaí i pobal Bhaile Átha Cliath 8 ag nach bhfuil ach taithí theoranta le gairis dhigiteacha agus leis an idirlíon. Tosóidh na clár go luath in 2015 agus díreoidh siad ar dtús ar chónaitheoirí Bhaile Átha Cliath 8 nár úsáid ríomhaire, gaireas digiteach ná an t-idirlíon riamh nó go hannamh agus a bhainfeadh tairbhe as oiliúint bhunúsach i scileanna digiteacha ar nós ríomhphost, Skype nó uirlisí cumarsáide eile a shocrú agus a úsáid. Is é an dara grúpa ar a ndíreoidh an clár ná gnóthais agus fiontraihte beaga agus meánmhéide áitiúla nach bhfuil láithreach ghnó ar bith nó láithreach ghnó bheag acu agus a bhainfeadh tairbhe as oiliúint sna meáin shóisialta nó as oiliúint i bhforbairt shuíomh idirlín d'fhonn a ghnó a thabhairt ar líne.



TIONSCADAL EISEAMLÁIR LEATHANBHANDA DO SCOILEANNA

Chuir an Togra Solaoide Leathanbhanda do Scoileanna, togra atá ag iarraidh leas a bhaint as acmhainn leathanbhanda ardluais san oideachas, taispeántas ar a chuid torthaí ar siúl i mí Lúnasa 2014 agus thuairiscigh sé torthaí dearfacha a chabhróidh chun bonn eolais a chur le beartas an Rialtais maidir le hoideachas agus teicneolaíocht.

Bhí an tionscadal seo a d'fhorbair an Mol Digiteach le cúnamh ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha, ar siúl ag Meánscoil na Toirbhearta Warrenmount i gcuid thiar-theas de lár na cathrach le dhá bhliain anuas. Is é an aidhm a bhí leis ná réitigh éagsúla foghlama, múinte agus bainistíochta a thástáil agus a thriall a éascaíodh trí nasc leathanbhanda ardluais do scoileanna.

Foghlaimíodh ceachtanna ón Tionscadal Eiseamláire Leathanbhanda do Scoileanna agus roinneadh iad. Cuireann siad bonn eolais ar fáil, mar shampla, d'fhorbairt ceardlanna scileanna digiteacha do mhúinteoirí 'Switch On' de chuid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha. Reáchtáladh triallacha na gceardlanna seo sa bhliain acadúil 2013/2014 i gcomhthéacs na Straitéise Digítí Náisiúnta.

CONNECTED HEALTH (SLÁINTE NASCTHA)

Mar chuid de thionscnamh Connected Health de chuid an Mhoil Dhigitigh bhunaigh an Ghníomhaireacht comhpháirtíocht leis an Mol Nuála Sláinte i gCorcaigh in 2014. Is é aidhm an tionscnaimh réitigh dhigiteacha do dhúshláin shláinte a chur chun cinn agus tacú leo. Ar tháirgí agus seirbhísí atá á bhforbairt ag cuideachtaí teicneolaíochta atá fhaigheann tacaíocht ón gcomhpháirtíocht nua seo áirítear teicneolaíochtaí um rannpháirtíocht agus oideachas othar, oidis fhíseáin

agus cláir theiripe ar líne. Is cúis áthais don nGníomhaireacht a fheiceáil go bhfuil an tionscadal seo ag forbairt i gcónaí in 2015.

Tá Maithú IT Solutions atá bunaithe ag an Mol Digiteach ar na cuideachtaí atá ag baint tairbhe faoi láthair as na comhpháirtíochtaí le Mol Nuála Sláinte Chorcaí. Tá roinnt feidhmchláir leighis cruthaithe ag Maithú faoin ainm branda Medical eGuides. Sa bhliain 2014 tionscnaíodh comhpháirtíocht leis an South/South West Hospital Group, Surewash, Gabriel Scientific agus Medical eGuides chun cainníochtú a dhéanamh ar thionchar cláir um feabhsú cáilíochta nuálach agus ar réamhbhearta gnáthaimh monatóireachta ar ionfhabhtú i mbardaí ospidéal ortaipéideacha.

De bhreis ar thacú le tionscnaimh digiteacha cúram sláinte is é an aidhm atá ag céim nua Connected Health ná deiseanna a aimsiú chun an teicneolaíocht a thráchtáil agus ionchur a thabhairt don Rialtas i dtaobh beartais ríomhshláinte digiteacha agus náisiúnta.

CUIDEACHTAÍ A BHÍ AG OIBRIÚ SA MHOL DIGITEACH

amhail an 31 Nollaig 2014

Action Finish
Athena Media
Atlas Products
Avvio
beActive
Base2Digital
BOI Innovation Centre
Big Bang Design
Boomerang
Bull or Bear
Brahmam Net Solutions
Calico Media
Castle Direct
Capiche Design
Caramagic
Certivox
Chuffey
Connector
Coolmoss Design
Creative Nation
CTE Technologies
Davis Event Consulting
DIDWW
Digital Media Forum
Digital Skills Academy
Dot Global
Dream Weddings
EazySafe Online Training Solutions
E-Cab
eMaint

EMCGPR
Equinox eBusiness Solutions
Etsy
Eventbrite
Ezora
Find The Best
Fluid Rock
Fractus Learning
Good Travel Software
H2 Learning
IDODI
iNavtas
Incognito Interactive
Infocare Healthcare Systems
Irish Internet Association
(Cumann Idirlín na hÉireann)
Jaspersoft
Jool Erp
Juvo
KeyedIn Solutions
Legion
Lincor Solutions
Magpie 6 Media
Maithú
Mashup Media
Megatransfert
MobileAware
Mycom Marketing
NDRC
Nice Corporate Solutions

Nurture Africa
Phoenix Safety
Pillarprojects
PixAlert
Pixel Soup
Playon
Plug Media
PLR
Pricespy
Process
Retail Media Systems
The Localizer
Salesmanager Software
Schoolspace
Shake
Silicon Republic
Siteimprove
Sonru
SoftPotential
Software Design
Starting Dot
Stripe
SWICLEC
Telic Studios
Treasury Link
Udemy
Vuvie Media
VSWare
Xwerx
Zend Technologies



“Nuair a fhéachaim siar ar 2014 is é ceann de na nithe is mó a bhfuilimid bródúil astu (seachas na hainmniúcháin Emmy as ucht na sraithe COLLIDER agus Beat Girl) ná an tsraith a chríochnaíomar anois beag do TV3 agus d’Údarás Craolacháin na hÉireann, ‘The Stand Ups’. Sa chlár seo caitear súil ar chuid d’fhuirseoirí nua agus atá atá ag teacht aníos in Éirinn. Beidh an clár ar siúl den chéad uair ar TV3 in 2015.”



beActive

www.beactivemedia.com

Is é is beActive ann ná stiúideo scannáin agus meán digiteach i mBaile Átha Cliath ag a bhfuil taithí deich mbliana i bhforbairt scéalta agus formáid, i gcomhléirithe idirnáisiúnta, ceadúnú agus dáileadh inneachar siamsaíochtaar an iliomad ardán. Agus oifigí acu in Éirinn agus sa Phortaingéil áirítear ar thionscadail TV agus scannáin de chuid beActive an clár rathúil do dhéagóirí, Sofia’s Diary do Sony Pictures Television, an tsraith HBO príomhama The Line agus Living in your Car, an mion-sraith Bhrasaíleach Final Punishment a ainmníodh i gcomhair Emmy, an tsraith TV Éireannach Aisling’s Diary agus an léiriú scannáin ón R.A. The Knot le Mena Suvari agus Noel Clarke. In 2014 fuair beActive an dara agus an tríú ainmniú Emmy Idirnáisiúnta a fháil as ucht na tionscadail nua Beat Girl agus COLLIDER.

“Creideann beActive i mbraislí cruthaitheacha agus tá an Mol Digiteach ar cheann de na braislí is fearr in Éirinn faoi láthair. Is cuideachta thráchtálach sinn. Oibrímid i mórán réimsí lena n-áirítear scannán agus TV traidisiúnta, inneachar don idirlíon, scéalaíocht idirghníomhach, aipeanna agus tionscadail thrasmheáin. Ina theannta sin bímid rannpháirteach i dT & N d’oibreacha amach anseo. Trí bheith sa Mhol Digiteach tá deis againn nascadh le comhoibrithe a bhfuil na rudáí céanna ar intinn acu i réimsí éagsúla, compháirtíochtaí nua a dhéanamh agus a mhothú gur cuid den tionscadal agus den gcultúr digiteach beoga cruthaitheach sinn atá in Éirinn na linne seo.”

Triona Campbell
Stiúrthóir, beActive



“Ar na nithe is mó ratha a bhaineamar amach in 2014 is é gur chruthaíomar an difríocht is féidir le foireann ar an láthair a dhéanamh. Laistigh den chéad sé mhí ó d’oscail ár n-oifig sa Mhol Digiteach bhí ar ár gcumas ár gcomhdhiolacháin ticéidí a rinneamar sa tréimhse 2011-2013 a dhúbailt.”



Eventbrite[®]

EVENTBRITE

www.eventbrite.ie

Is é Eventbrite an áit mhargaidh dhomhanda d’eispéiris bheo a chabhraíonn le daoine imeachtaí a aimsiú agus a chruthú. Ó 2006 ar aghaidh tá an t-ardán féinfhreastail ag cabhrú le heagraithe imeachta de gach cineál níos mó ticéidí a dhíol trí theicneolaíocht láidir agus uirlisí chun imeachtaí a chur chun cinn, tuairim is oll-luach ticéidí €2.8 billiún. De bhreis ar theicneolaíocht a sholáthar d’eagraithe tá Eventbrite ag mealladh tomhaltóirí atá ag iarraidh eispéiris bheo éagsúla a aimsiú, idir ghrianghrafadóireacht bheag, ranganna yoga agus ceolchoirmeacha agus féilte móra a bhfuil na mílte agus na mílte ag freastal orthu. Tá breis is 200 milliún ticéad próiseáilte ar an ardán.

“Bhog ár gcuideachta isteach sa Mhol Digiteach go luath in 2014 agus fuaireamar gurb é suíomh foirfe é d’fhoireann síl lean cosúil linne a bheidh ag scálú go tapa go cinnte. Tairgeann an Mol Digiteach timpeallacht tosaíthe dhearfach dúinn, chomh maith le bonneagar gan smál le hidirlíon láidir tapa, seomraí cruinnithe nuair a bhíonn gá againn leo agus, an rud is tábhachtaí, an solúbthacht ár n-oifigí a bhogadh nuair a bheidh níos mó spás uainn.

Tháinig méadú ar ár bhfoireann sa chéad bhliain, a bhuíochas le fás trí digite agus díolachán ticéidí dar luach roinnt milliún euro in Éirinn. Bhogamar chuig oifigí níos mó roinnt uaireanta laistigh den Mol Digiteach agus táimid sa cheathrú háit faoin am seo. Tharla gach aistriú go tráthúil agus gan bhriseadh.”

Vanessa Wilson

Bainisteoir Forbartha Gnó Éire agus R.A., Eventbrite





“Tá Avvio an-bhródúil gur chabhraigh siad chun fás ioncam 31% ar áirithintí ar an meán a sheachadadh dár gcliaint in 2014. Is cúis áthais dúinn, maidir le roinnt dár gcliaint lena n-áirítear Óstán Gresham a bhfuil aithne mhaith air, gur sheachadamar ardú ioncaim breis is €1 milliún san 12 mhí ó d’aistrigh siad chuig Ardán Áirithinte Avvio.”



AVVIO

www.avvio.com

Ó bunaíodh Avvio sa bhliain 2002 tá obair cheannródaíoch á déanamh acu i gcónaí le teicneolaíochtaí úrnua a chuireann ar chumas óstán fás suntasach a chur chun cinn ar áirithintí díreacha agus a spleáchas ar bhealaí Gníomhairí Taistil Ar Líne a laghdú.

Ar ardán forbartha áirithinte Avvio tá inneall áirithinte cliste freagrach, Córas Bainistithe Inneachair, Bainisteoir Bealaigh, cumas tástála A/B agus rudaí eile nach iad. Tá sé deartha chun freastal ar riachtanais óstán agus árasán seirbhísithe a bhíonn ag forbairt riamh is choíche. Tá sé á thacú ag an dearadh gréasáin is fearr ina aicme féin, ag anailísiú/ tuairisciú, tiomáint ioncaim agus seirbhísí margaíochta digiteacha.





“Bhog Avvio isteach sa Mhol Digiteach roinnt blianta ó shin. Áit fhíor-oiriúnach dúinn ab ea í chun oifig i mBaile Átha Cliath a oscailt. Cé gur cuideachta idirnáisiúnta sinne agus go bhfuil ár gceanncheathrú i Luimneach, agus oifigí againn i Londain, is mol tábhachtach dár bhfoireann í ár n-oifig i mBaile Átha Cliath. Tá cuid mhaith dár mbonn cliaint i mBaile Átha Cliath. Ar an mbonn cliaint seo áirítear mórán de na hóstáin is mó a bhfuil aithne orthu in Éirinn, óstáin ar nós Gresham, an Merrion, an Morgan agus an Maldron.

Mar thoradh ar a bheith lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus ag an Mol Digiteach tá teacht againn ar thallann, rud atá rithábhachtach do phleananna fáis ár gcuideachta. Tá linn mhór acmhainní i mBaile Átha Cliath agus nuair a theastaíonn uait tallann idirnáisiúnta a mhealladh is buntáiste é ár suíomh sa phríomhchathair. Lena chois sin is feasach dúinn go bhfuil cuideachtaí iontacha in aice linn anseo sa Mhol Digiteach – neadaithe i measc mórán gnólachtaí úrnua suimiúla agus gnólachtaí seanbhunaithe dea-nasctha cosúil linn féin. Bímid ag líonrú riamh is choíche le cuideachtaí eile cosúla agus comhlachtaithe. Sa ghrúpa seo bíonn deiseanna suimiúla againn eolas a roinnt, líonrú agus treoruithe a ghiniúint. Bonn atá éifeachtach ó thaobh costais de dúinne is ea é, leis, go háirithe má chuirtear san áireamh an suíomh iontach agus cé chomh éasca agus atá sé teacht ar bhealaí taistil thar an M50.

Tá na seirbhísí roinnte an-áisiúil leis, is cuma an ceardlanna a reáchtáiltear do bhaill an Mhoil Dhigitigh nó teacht ar sheomraí láithreoireachta agus lónadóireacht nuair a bhíonn cruinniú nó ócáid thábhachtach ar siúl agat.”

Karen Rafferty

Bainisteoir Margaíochta, Avvio



BORD GHNÍOMHAIREACHT FORBARTHA AN MHOIL DHIGITIGH



PAUL HOLDEN
(CATHAOIRLEACH)
STIÚRTHÓIR BAINISTÍOCHTA,
RÉDACTEURS LIMITED



GERRY MACKEN
POF EATRAMHACH,
GHNÍOMHAIREACHT FORBARTHA
DON MHOIL DIGITEACH



OWEN KEEGAN
CHIEF EXECUTIVE, COMHAIRLE
CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH



KATHERINE LICKEN
RÚNAÍ CÚNTA, AN ROINN
CUMARSÁIDE, FUINNIMH
AGUS ACMHAINNÍ
NÁDÚRTHA



BRENDAN MCDONAGH
STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN,
ÚFT



SEAMAS RATIGAN
IONADAÍ ÓN BPOBAL



CLARE DUIGNAN
STIÚRTHÓIR
NEAMHFHEIDHMIÚCHÁIN

Tá Bord Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh freagrach as straitéis agus beartais na Gníomhaireachta a leagan amach agus táthar freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Is é an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a cheapann baill an bhoird le toilíú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir téarmaí an Achta um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003. Is do thréimhse nach faide ná trí bliana iad na ceapacháin boird, agus bíonn baill in-athcheaptha ina ndiaidh.

Maidir lena chuid gníomhaíochtaí agus maidir le húsáid coistí ag a bhfuil téarmaí tagartha faofa, oibríonn Bord Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach de réir na forálacha atá leagtha amach san Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003 agus laistigh de na treoirlínte a leagtar amach sa Chód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí

tionscnaimh dhigiteacha

Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais. Tionólaíonn an Bord an oiread cruinnithe gach bliain is gá chun a chuid feidhmeanna a chur i gcrích agus reáchtáiltear cruinniú amháin gach ráithe ar a laghad. Seisear ball is líon gnó do chruinniú. I 2014 tionóladh ocht gcruinniú.

Ba iad seo Baill an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2014:

- > **Paul Holden** (*Chathaoirleach*) (8/8)*, Stiúrthóir Bainistíochta, Rédacteurs Limited
- > **Gerry Macken** (4/4), POF Eatramhach, Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach
- > **Owen Keegan** (8/8), Príomhfheidhmeannach, Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath
- > **Katherine Licken** (8/8), Rúnai Cúnta, An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
- > **Brendan McDonagh** (8/8), Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ÚFT

- > **Seamas Ratigan** (5/8), Ionadaí ón bPobal
- > **Clare Duignan** (8/8), Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin

Ceapadh Clare Duignan ar an mBord an 20 Eanáir. Chuaigh Edel Flynn (4/4) ar scor ón mBord nuair a d'éirigh sí as an nGníomhaireacht an 27 Meitheamh.

* *Cuireann na huimhreacha i lúibíní an líon cruinnithe ar freastalaíodh orthu/a reáchtáladh le linn do dhuine a bheith ina bhall/ina ball den Bhord in iúl.*

AN COISTE AIRGEADAIS AGUS INIÚCHÓIREACHTA

Tá saintearmaí tagartha ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúcháireachta a chabhraíonn leis an mBord monatóireacht a dhéanamh ar shláine na ráitis airgeadais agus ar phróiseas an tuairiscithe airgeadais, ar an bpróiseas maidir le rioscaí a bhainistiú

agus a mheas agus a chinntiú go gcomhlíonann an Gníomhaireacht a cuid beartas inmheánach. Déanann an Coiste monatóireacht ar fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí agus ar chomhlíonadh na bprionsabal atá leagtha amach sa Chód Cleachtais.

Le linn 2014 bhí ocht gcruinniú ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúcháireachta. Bhí na baill seo a leanas ar an gCoiste:

- > **Brendan McDonagh** (ceaptha mar chathaoirleach in ionad Paul Holden a d'éirigh as an gCoiste)
- > **Clare Duignan**
- > **Gerry Macken**, Ní ball den Bhord é (in ionad Owen Keegan a d'éirigh as an gCoiste)
- > **Victor Leonov**, Ní ball den Bhord é (in ionad Gerry Macken a d'éirigh as an gCoiste nuair a ceapadh mar POF eatramhach é)



FOIREANN BAINISTÍOCHTA NA GNÍOMHAIREACHTA FORBARTHA DON MHOL DIGITEACH

seirbhísí

Bhí na daoine seo a leanas ar Fhoireann Bainistíochta na Gníomhaireachta Forbarta don Mhol Digiteach:



GERRY MACKEN
PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN



MICHAEL MCDERMOTT
PRÍOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS
AGUS RÚNAÍ BOIRD

GERRY MACKEN

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Roimh dó dul isteach sa Ghníomhaireacht Forbarta don Mhol Digiteach i mí Iúil 2014 d'fhóin Gerry mar Cheann Iniúcháireachta Inmheánaí ag Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath. Roimhe sin bhí sé mar POF ar Bhord Fiontair Chathair Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuair sé taithí nár bheag ar rialachas, fiontar agus forbairt eacnamaíoch. Céimí ó Choláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath é. Tá céim aige sna hEolaíochtaí Nádúrtha agus Ard-dioplóma san Oideachas. Lena chois sin tá céim Mháistreachta i Riarachán Gnó aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus chríochnaigh sé clár larchéime i Rialachas Corparáideach le déanaí a bhronn Scoil Bhainistíochta Whitaker (An Foras Riaracháin) agus Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath air.

MICHAEL MCDERMOTT

*Príomhoifigeach Airgeadais
agus Rúnaí Boird*

Is comhalta de chuid Institiúid Chairte Cuntasóirí Bainistíochta é Michael, agus is Ball Comhlach de Chuntasóirí Bainistíochta Cairte Domhanda agus ball d'Institiúid na Stiúrthóirí é agus tá an clár oideachais do Stiúrthóirí Cairte críochnaithe aige. Tá céim Mháistreachta i Riarachán Gnó le honóracha ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath aige. D'oibrigh Michael le H.J. Heinz ar dtús, atá bunaithe san Afraic Thiar. Ina dhiaidh sin bhí sé le General Motors agus le Electronic Data Systems (EDS). Tá suim ag Michael i réimse an rialachais chorparáidigh agus bhí sé mar chomh-údar tuairisce ar neamhspleáchas stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin a foilsíodh san iris acadúil sa R.A. Corporate Governance, An International Review.

claint



RUTH FLYNN
BAINISTEOR SEIRBHÍSÍ CLIAINT

RUTH FLYNN

Bainisteoir Seirbhísí Cliaint

Bainistíonn Ruth seachadadh seirbhísí cliaint thar an gcampas. Áirítear air seo margaíocht, seachadadh seirbhísí TF agus a chinntiú go n-oibríonn an Mol Digiteach mar champas den chéad scoth. Ó bhain sí a céim B. Comm amach ó OÉ Gaillimh tá Ruth ag obair i rólanna seirbhís chustaiméara san earnáil phoiblí agus príobháideach araon. Roimhe sin bhí sí ag obair do Regus agus d'Aer Lingus.



JOANNE KEARNEY
BAINISTEOR OIBRÍOCHTAÍ

JOANNE KEARNEY

Bainisteoir Oibríochtaí

Déanann Joanne maoirseacht ar bhainistíocht agus forbairt campas an Mhoil Dhigitigh agus ar thograí oibríochta eile. Roimhe seo bhí Joanne ag obair sa tionscal teileachumarsáide agus i bhforbairt beartais chumarsáide poiblí san earnáil phoiblí. Tá Máistreacht i Staidéar Gnó ag Joanne ó Scoil Ghnó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus Diplóma Céime in Eolaíocht Eacnamaíoch agus Forbairt Bheartais ón bhForas Riaracháin.

CAROLINE VIGUIER

Comhordaitheoir Tionscnamh Digiteach

Déanann Caroline bainistíocht ar thogra Sláinte Nasctha na Gníomhaireachta i gcomhar leis an Mol Nuála Sláinte agus ar phunann reatha na tograí um litearthacht dhigiteach (Clár Pobail Benefit, Future Creators agus an togra AE Cosáin Dhigiteacha). Sular tháinig sí isteach sa Mhol Digiteach bhí Caroline ag obair mar bhainisteoir tionscnaimh don Mhol Nuála Sláinte agus roimh sin, bhí sí ag obair mar theicneolaí Eolaíochtaí Beatha d'ÚFT Éireann. Lena chois sin bhí Caroline ag obair mar thaighdeoir tionscail leis an Institiúid um Diagnóisic Bhith-Leighis agus Enfer Scientific tar éis di Dochtúireacht i mbitheolaíocht mhóilíneach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a chríochnú.



CAROLINE VIGUIER
COMHORDAITHEOR TIONSCNAMH DIGITEACH



RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Bunaidh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach leis an Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Oibríonn sí faoi choimirce an Aire Chumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha. Cé go bhfuil an Ghníomhaireacht ag oibriú de réir forálacha an Achta comhlíonann sí réimse riachtanas reachtúil agus riaracháin eile chomh maith; go sonrath:

CÓD CLEACHTAIS UM RIALACHAS COMHLACHTAÍ STÁIT

Lámhleabhar Rialachais na Gníomhaireachta ar ghlac an Bord leis. Is ann a leagtar amach gach gné den rialachas, cuntasacht, nósanna imeachta agus struchtúir oibríochta agus féachann sé le forálacha uile an Chód Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chur i bhfeidhm a d'éisigh an Roinn Airgeadais i mí Mheithimh 2009. I dtuarascáil ar leith a dhéantar don Aire go bliantúil deimhníonn an Cathaoirleach go gcomhlíontar riachtanais an chóid.

TREOIRLÍNTE UM BHREITHMHEAS AGUS BAINISTÍOCHT TOGRAÍ CAITEACHAS CAIPITIL

Comhlíonann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach leis na prionsabail atá leagtha amach sna treoirlínite um bhreithmheas agus bainistíocht tograí caiteachas caipitil.

AN TACHT UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995, AGUS AN TACHT UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ, 2001

Tá dualgas ar bhaill Bhoird agus ar bhaill Foirne i bpoist ainmnithe forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 a chomhlíonadh agus Ráiteas Leasa a chur faoi bhráid an Choimisiún Caighdeáin i gcás tionchar ábhartha a bheith i gceist ar a gcuid feidhmíochta i ngnóthaí na Gníomhaireachta.

NA HACHTANNA UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 1997 & 2003

Comhlíonann an Ghníomhaireacht don Mhol Digiteach forálacha na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 & 2003. Tugann na hAchtanna seo ceart dleathach do dhaoine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis a mhéid is féidir, i gomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta. Is ceart iarratais ar fhaisnéis faoi na hAchtanna seo a sheoladh chuig an bhFeidhmeannacht um Shaoráil Faisnéise, Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, An Malartán Digiteach, Sráid na Craenach, Baile Átha Cliath 8.

NA HACHTANNA UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA, 1998 & 2004

Is fostóir comhionannas deiseanna í an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, atá tiomanta do bheartas comhionannas deiseanna san eagraíocht. Tá an Ghníomhaireacht meáite ar a chinntiú nach dtabharfar cóir is lú fabhar d'aon chomhalta foirne ná d'aon iarratasóir ar fhostaíocht ar fhoras ar bith nach mbaineann le cleachtas maith fostaíochta.

braisle theicneolaíochta

AN TACHT UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR, 2005

Cosnaítear leas fostaithe de chuid na Gníomhaireachta trí bheith ag cloí go docht le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Tá bearta riachtanacha curtha i ngníomh ag an nGníomhaireacht le cinntiú go gcomhlíontar an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, lena n-áirítear an ráiteas sábháilteachta ar glacadh leis. Síneann sé sin chuig na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

CAIRT NA GCLIAINT

D'eisigh an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a Cairt Cliant inar leagtar amach a dtiomantas do sheirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dá cliant agus don bpobal i gcoitinne. Tá nós imeachta chun déileáil le gearáin san áireamh sa Chairt seo.

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003

Tá an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach laistigh de théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, a sholáthraíonn creat reachtúil i gcomhair soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i mBéarla agus i nGaeilge ag an am céanna.

AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Is é beartas na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach gach sonrasc bailí a íoc go pras agus áirítear ar rialú inmheánach na Gníomhaireachta nósanna imeachta chun sonraisc agus conarthaí a aithint i gcomhair a n-íocaíochta laistigh de na dátaí íocaíochta forordaithe. Tá na nósanna imeachta seo ann chun cinnteacht réasúnta, ní cinnteacht iomlán a thabhairt go gcomhlíontar an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú ag Rialachán na gComhphobal Eorpach (íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála),

2002. Tuairiscíonn an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ar bhonn ráithe líon agus luach na n-íocaíochtaí a rinneadh.

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar íocaíochtaí a rinneadh do sholáthraithe le linn 2014:

Míonsonraí	Líon	Luach
Íocaíochtaí a rinneadh:		
laistigh de 15 lá	587	€3,781,596
laistigh de 16 go 30 lá	10	€4,328
níos mó ná 30 lá	–	–
lomlán na n-íocaíochtaí	597	€3,785,924
Sonrasc faoi dhíospóid ag deireadh na bliana	–	–





ráitis airgeadais agus cuntais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird	24
Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach	25
An Tard-Reachtair Cuntas agus Ciste	26
Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta	28
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	30
Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Iomlána Aitheanta	31
Clár Comhardaithe	32
Ráiteas Sreabhadh Airgid	33
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	34

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ BHAILL AN BHOIRD

Bunaíodh an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach faoin Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003. Éilíonn Alt 31(4) den Acht sin cuntais na Gníomhaireachta a choimeád i cibé foirm agus i cibé modh a shainíonn an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, agus iad arna n-ullmhú ag an Oifigeach Feidhmiúcháin do gach bliain airgeadais agus arna bhformheas ag an nGníomhaireacht lena gcur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, ní mór do bhaill an Bhoird:

- > beartais cuntasafóchta oiriúnacha a roghnú agus na beartais sin a chur i bhfeidhm go seasta
- > breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- > cloí le caighdeáin chuntasaíochta atá infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais
- > na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin más bonn míchuí é

Tá an Bord freagrach as taifid airgeadais chúí a choimeád a léiríonn go réasúnta cruinn, am ar bith, staid airgeadais na Gníomhaireachta ionas gur féidir léi a áirithiú go bhfuil na ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir Ailt 31 den Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na Gníomhaireachta a chosaint agus na bearta is gá a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

Gerry Macken

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Paul Holden

Cathaoirleach

9 Iúil 2015

RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

don bhliain dar críoch 2014 Nollaig 2014

FREAGRACHT AS RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Thar ceann Bord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach, glacaim leis an bhfreagracht atá orainn caomhnú agus cur i bhfeidhm chórais éifeachtaigh um rialú airgeadais inmheánach a áirithiú.

Tugann an córas ráthaíocht réasúnta, nach ráthaíocht iomlán í áfach, go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifead mar is cuí, agus earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a aimsiú laistigh de thréimhse ama tráthúil.

NA NÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE IS TÁBHACHTAÍ

Tá bearta glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chur ar fáil trí:

- > fhreagrachtaí na bainistíochta a shainiú go soiléir;
- > nósanna imeachta foirmeálta a chur ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus bearta ceartaitheacha iomchuí a áirithiú.

Tá modhanna curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- > nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair na Gníomhaireachta a aithint, ag cur san áireamh an mhéid agus na catagóirí rioscaí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- > mheasúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta;
- > mheasúnú a dhéanamh ar chumas na Gníomhaireachta na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- > mheasúnú a dhéanamh ar chostas oibriúcháin rialaithe ar leith i gcoibhneas leis an sochar a bhaintear astu.

Tá an córas um rialú airgeadais inmheánach bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin a chuireann san áireamh deighilt na ndualgas, agus ar chóras tarmligin agus freagrachta.

Áirítear orthu go háirithe:

- > córas buiséadaithe cuimsitheach lena ngabhann buiséad bliantúil arna n-athbhreithniú agus arna chomhaontú ag an mBord;

- > athbhreithnithe rialta arna ndéanamh ag an mBord ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis airgeadais;
- > spriocanna a bheartú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a mheas.

Tá córas iniúcháireachta inmheánaí ag an nGníomhaireacht, a fheidhmíonn de réir Chóid Chreata um Bharrchleachtas atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachais Chomhlachtaí Stáit. Is de bhun anailíse a dhéantar ar an riosca a bhfuil an chomhlacht ar a ris a dhéantar an iniúcháireacht inmheánach; agus bunaítear na pleananna bliantúla don iniúcháireacht inmheánach ar an anailís sin. Tacaíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Airgeadais leis an anailís riosca agus leis na pleananna iniúcháireachta inmheánacha agus formheasann an Bord iad. Soláthraíonn an t-Iniúchadh Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí don Bhord gach bliain, ar a laghad. Áirítear air sin tuairim an Iniúchta Inmheánaigh maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais um rialú airgeadais inmheánach.

Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chórais um rialú airgeadais inmheánach bunaithe ar obair an iniúchta inmheánaigh, ar obair an Choiste Airgeadais agus Iniúcháireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchta inmheánaigh, ar bhainistíocht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach atá freagrach as forbairt agus caomhnú an chreata um rialú airgeadais, agus ar na tuairimí a thugann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuairiscí eile.

ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR RIALUITHE

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú airgeadais inmheánach maidir leis an bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

Paul Holden

Cathaoirleach

9 Iúil 2015

AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

tuarscáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 faoin Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais cuntasáíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de ráiteas na bpolasaithe cuntasáíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais sa bhfoirm atá leagtha síos faoi Alt 31 den Acht agus de réir cleachtais chuntasáíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn.

FREAGRACHTAÍ BAILL NA GNÍOMHAIREACHTA

Tá Baill na Gníomhaireachta freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, chun a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta agus ar a ioncam agus ar chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart.

FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus oibriúcháin.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta.

RAON AN INIÚCHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is é atá i gceist mar chuid den iniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leordhóthanach í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis seo measúnú ar

- > cibé an bhfuil na beartais cuntasáíochta oiriúnach do chúinsí na Gníomhaireachta, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh go cuí iad
- > ar réasúntacht meastacháin cuntasáíochta suntasacha a rinneadh in ullmhú na ráitis airgeadais, agus
- > cur i láthair foriomlán de na ráitis airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith, ar fhianaise a fháil mar gheall ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais go léir atá sa Tuarascáil Bhliantúil d'fhonn neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thagaim ar an eolas faoi aon mhíríteis nó aon neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha, breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil.

TUAIRIM MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir cleachtas chuntasáíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn, léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta ar an 31 Nollaig 2014 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain 2014.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Gníomhaireacht leabhair chuntais chúí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

NITHE A NDÉANAIM TUAIRISC MAR EISCEACTH ORTHU

Tugaim tuairisc mar eisceacht mura

- > bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- > Má bhí aon chás ábhartha ann nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a rialáíonn iad, nó
- > mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta ag teacht leis na ráitis airgeadais a ghabhann léi, nó
- > mura léiríonn an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais go gcomhlíon an Gníomhaireacht an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- > má aimsím go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an tslí ina bhfuil gnó poiblí á dhéanamh.

Níl aon ní agam le tuairisciú maidir leis na nithe sin um thuairisciú mar eisceacht.

Patricia Sheehan

Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtair

Cuntas agus Ciste

17 Iúil 2015

RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Cuireadh na beartais cuntasáíochta seo a leanas i bhfeidhm chun déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na nGníomhaireachta.

1. BUNÚS NA CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis chuntasáíochta ag baint úsáide as an mhodh cuntasáíochta ar bhonn fabhráithe agus de réir prionsabal cuntasáíochta a nglactar leo de ghnáth faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna leasú le hathluacháil réadmhaoin infheistíochta. Glactar le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a mholann Bord na gCaighdeán Cuntasáíochta a luaithe agus a thagann siad i bhfeidhm.

2. DEONTAIS

Déantar Deontais Stáitchiste le haghaidh caiteachais reatha ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a aithint nuair a fhaightear iad. Meastar deontais chaipitil a bheith mar ioncam iarchurtha agus déantar iad a aithint sa Chuntas loncaim agus Caiteachais ina thráthchodanna thar saolré eacnamaíoch fhóna na sócmhainní a bhaineann leo ar bhonn atá i gcomhréir leis an mbeartas dímhéasa, ach amháin i gcás deontas a fhaightear i leith réadmhaoin infheistíochta nach bhfuil arna dímhéas.

3. IONCAM IARCHURTHA

Ní chuirtear ioncam neamhthuille a gearradh ar chustaiméirí san áireamh in ioncam agus déantar é a thairfead mar ioncam iarchurtha.

4. SÓCMHAINNÍ FORBRAÍOCHTA

Is é is sócmhainní forbraíochta ann ná talamh agus foirgnimh arna n-aistriú chuig an nGníomhaireacht a úsáidfear chun lárionad fiontair nuálaigh atá bunaithe ar theicneolaíocht a fhorbairt. Déantar sócmhainní forbraíochta a fhorbairt trí socruithe chonartha choinníollaigh a dhéanamh le forbróirí tríú páirtí.

Meastar gur sócmhainní seasta iad sócmhainní forbraíochta agus déantar iad a thairfead de réir an phraghais a gheofaí orthu dá ndóilfaí iad ar leibhéal íseal an mhargaidh oscailte ar dáta an aistrithe chuig an nGníomhaireacht nó de réir mhéid in-aisghabhála na sócmhainne. Déantar

méid in-aisghabhála na sócmhainne a chinneadh ag tagairt do luach measta na sócmhainní forbraíochta, ag cur san áireamh an úsáid dheiridh atá ceaptha ag an nGníomhaireacht dóibh. Measfar na sócmhainní sin a bheith ina réadmhaoin infheistíochta a luaithe agus a dhéantar iad a fhorbairt.

Cuirtear costais a thabhaíonn an Gníomhaireacht ar a leithéid de shócmhainní san áireamh i gcostais na sócmhainní.

Nochtar barrachais agus easnaimh a éiríonn as luach réadmhaoin infheistíochta mar ghluaiseacht sa chúlchiste athluachála tríd an Ráiteas faoi lomlán na nGnóthachan agus Caillteanais Aitheanta. Sa chás nach leor an cúlchiste athluachála chun laghdú ar luach a chumhdach, baintear an méid a sháraíonn an laghdú an cúlchiste ón gCuntas loncaim agus Caiteachais. Cuirtear an aisiompú nó aisiompú i bpáirt an laghdaithe ar luach a gearradh ar an gcuntas loncaim & Caiteachais roimhe chun sochair don gcuntas ina dhiaidh sin.

5. RÉADMHAOIN INFHEISTÍOCHTA

Is réadmhaoin í réadmhaoin infheistíochta a bhfuil forbairt críochnaithe orthu agus atá á coinneáil ag an nGníomhaireacht chun críocha a n-acmhainn infheistíochta agus giniúint cíosa.

De réir an Ráitis ar Chleachtas Cuntasáíochta Uimh.19 luaitear réadmhaoin infheistíochta ag a luach ar an margadh oscailte. Mar réadmhaoin infheistíochta tá sí faoi réir athluachála bliantúla de réir an Lámhleabhar Breithmheasa agus Luachála de chuid Cumann na Suirbhéirí Cairte in Éirinn agus/nó de réir tuairime gairmiúla agus, lena chois sin, luachálaí seachtraigh i gceann gach cúig bliana.

Nochtar barrachais agus easnaimh a éiríonn as luach réadmhaoin infheistíochta mar ghluaiseacht sa chúlchiste athluachála tríd an Ráiteas faoi lomlán na nGnóthachan agus Caillteanais Aitheanta. Sa chás nach leor an cúlchiste athluachála chun laghdú ar luach a chumhdach, baintear an méid a sháraíonn an laghdú an cúlchiste ón gCuntas loncaim agus Caiteachais. Cuirtear an aisiompú nó aisiompú i bpáirt an laghdaithe ar luach a gearradh ar an gcuntas loncaim & Caiteachais roimhe chun sochair don gcuntas ina dhiaidh sin.

6. CÁIN IARCHURTHA

De réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais Uimh.19, déanann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach foráil do cháin iarchurtha ar bhonn 'forála iomláin' ag éirí as difríochtaí uainiúcháin a bhíonn le braith idir ghnóthachain nó cailteanais aitheanta sna ráitis airgeadais agus a n-aitheantas sa ríomh cánach. Ní dhéantar na hiarmhéideanna cánach a lascainiú mar go meastar go mbeadh tionchar na lascaine sin neamhthábhachtach.

7. SÓCMHAINNÍ SEASTA

Luaitear sócmhainní seasta ag a gcostas lúide a ndímheas carntha, a ríomhtar de réir méid chothroim thar saolré eacnamaíoch fhóna na sócmhainne. Oibríonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach go dtí tairseach €1,000 chun sócmhainní seasta a chaipitliú, agus tá sócmhainní atá faoin tairseach sin arna díluacháil ina n-iomláine agus caitear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais iad i mbliain a gceannaithe.

Cuirtear dímhéas ar fáil ag na rátaí seo a leanas:

Daingneáin agus Feistis	20%
Trealamh Ríomhaireachta agus Bogearraí	33⅓%

8. INFHÁLTAIS

Luaitear infháltais a nochtar sna ráitis airgeadais ag méideanna a mheastar gur féidir iad a bhailiú, le soláthar ar leith a bheith á dhéanamh do mhéideanna ar bith a mheastar a bheith faoi amhras. Drochfhiacha a bhfuil eolas orthu arna dhíscríobh.

9. PINSIN

Tá scéim pinsean le sochar sainithe á oibriú ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach.

Rinneadh socrú idir an Ghníomhaireacht agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha faoina n-aisíocfar an t-airgead go léir is gá don Ghníomhaireacht chun oibleagáidí pinsin a bhíonn dlite a ghlanadh. Mar mhalairt air sin, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht méid atá cothrom le ranníocaíochtaí fostaí don bhliain a íoc leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, mar aon le ranníocaíocht fostóra ag rátaí atá leagtha síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is iad na costais phinsin ná na sochair phinsin atá tuillte ag foireann an Mhoil Dhigitigh sa tréimhse agus a thaispeántar glan de ranníocaíochtaí pinsin an fhostaí, airgead a choinníonn an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Aithnítear méid atá ar chóimhéid leis na sochair atá tuillte ag an bhfoireann mar mhaoiniú iarchurtha de réir an tsocraithe aisíocaíochta atá mínithe thuas.

Déantar dliteanais phinsin atá á léiriú ag luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo agus atá tuillte ag foireann an Mhoil Dhigitigh go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúireach. Chuige seo úsáidtear an modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid (más cuí). Meastar an méid atá le cur san áireamh sna ráitis airgeadais do mhéid an Mhaoinithe Phinsin Iarchurtha ag méid atá ar chóimhéid le meastachán oibleagáide na ndliteanas scéime pinsin.

10. CÚLCHISTE CAIPITIL

Is ionann an Cúlchiste Caipitil agus luach na sócmhainní a aistríodh chuig an nGníomhaireacht nuair a bunaíodh í agus ina dhiaidh sin, móide cistí nó deontais eile a fuarthas.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 €	2013 €
Ioncam			
Ioncam Tráchtála		1,823,252	1,857,712
Deontais ón Státchiste	1	1,774,226	2,045,795
Deontais eile	2	20,000	–
Urraíocht		1,000	18,155
		3,618,478	3,921,662
Caiteachas			
Costais a bhaineann leis an bhFoireann	3	952,017	1,087,073
Oibríochtaí, Costais Ginearálta agus Riaracháin	4	2,250,795	2,553,315
Caidreamh Pobail	5	35,700	96,194
Tionscnaimh Dhigiteacha	6	167,905	257,962
		3,406,417	3,994,544
Barrachas/(Easnamh) as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		212,061	(72,882)
Aisiompú i bpáirt Luachálacha Bearnúchán Réadmhaoine na bliana oimhe	8.2	2,150,000	–
Cáin Chorparáide	7	17,355	20,727
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		2,379,416	(52,155)
larmhéid ar an 1 Eanáir		(42,380,023)	(42,327,868)
larmhéid ar an 31 Nollaig		(40,000,607)	(42,380,023)

Baineann na méideanna faoi Ioncam agus Caiteachas le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Bheartais Cuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 15.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

Gerry Macken
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Paul Holden
Cathaoirleach

9 Iúil 2015

RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS IOMLÁNA AITHEANTA

for the year ended 31st December 2014

	Nóta	2014 €	2013 €
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		2,379,416	(52,155)
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin	12(c)	150,000	160,000
Coigeartú arna iarchur chuig maoiniú pinsin Stáitchiste		(150,000)	(160,000)
Iomlán na nGnóthachan/(Cailteanas) aitheanta don bhliain		2,379,416	(52,155)

Is cuid de na ráitis airgeadais iad na Beartais Cuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 15.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

Gerry Macken
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Paul Holden
Cathaoirleach

9 Iúil 2015

CLÁR COMHARDAITHE

amhail 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 €	2013 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Forbraíochta		9,716,867	8,025,130
Réadmhain Infheistíochta		8,516,944	7,140,811
Daingneáin agus Feistis		363,188	557,306
Trealamh Ríomhaire		35,750	29,831
	8	18,632,749	15,753,078
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	9	490,322	437,756
Banc agus airgead tirim		1,429,263	892,106
		1,919,585	1,329,862
Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	10	1,230,736	989,820
Glansócmhainní Reatha		688,849	340,042
Iomlán na Sócmhainní lúide Dlíteanas roimh phinsin		19,321,598	16,093,120
Maoiniú Pinsin iarchurtha	12(c)	1,600,000	1,500,000
Dlíteanais Phinsin	12(c)	(1,600,000)	(1,500,000)
Glansócmhainní		19,321,598	16,093,120
Arna dtaispeáint ag:			
Cúlchiste Caipitil	11	59,322,205	58,473,143
Cuntas Ioncaim & Caiteachais		(40,000,607)	(42,380,023)
		19,321,598	16,093,120

Is cuid de na ráitis airgeadais iad na Beartais Cuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 15.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

Gerry Macken
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Paul Holden
Cathaoirleach

9 Iúil 2015

RÁITEAS SREABHADH AIRGID

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014 €	2013 €
Réiteach Glan-ghluaiseachta don bhliain le Glan-insreabhadh airgid as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas/(Easnamh) as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		212,061	(72,882)
Dímheas		283,601	444,037
Caillteanas ar dhiúscairt Sócmhainne Seasta		–	341
Ús Bainc		(7,507)	(12,945)
(Méadú)/Laghdú ar Fhéichiúnaithe	9	(35,211)	12,194
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe	10	240,916	25,618
Glan-insreabhadh airgid as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		693,860	396,363
Ráiteas Sreabhadh Airgid			
Glan-insreabhadh airgid as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		693,860	396,363
Torthaí ar Infheistíocht agus Fónamh a dhéantar ar Airgeadas:			
– Ús Bainc Faighte		7,507	12,945
Caiteachas Caipitil			
– Breiseanna	8	(1,013,272)	(616,570)
– Diúscairtí		–	750
Ag airgeadú:			
– Maoiniú Caipitil	11	849,087	323,102
– Ilchineálach		(25)	–
Glan-insreabhadh airgid don tréimhse		537,157	116,590
Réiteach glan-sreabhadh Airgid le Gluaiseacht i nGlanchistí			
Glanchistí amhail an 1 Eanáir		892,106	775,516
Glanchistí amhail an 31 Nollaig		1,429,263	892,106
Gluaiseachtaí i nGlanchistí		537,157	116,590

Is cuid de na ráitis airgeadais iad na Beartais Cuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 15.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

Gerry Macken
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Paul Holden
Cathaoirleach

9 Iúil 2015

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

1. Deontais ón Státhiste (Vóta 29: Focheannlíne A4)

Deontais a thugann an Roinn Cumarsáide, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha don nGníomhaireacht faoi Alt 29 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 chun críocha caiteachais chun a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh:

	2014 €	2013 €
Reatha		
– Oibríochtaí	1,282,000	1,477,000
– Caidreamh Pobail	49,566	72,000
– Tionscnaimh Dhigiteacha	168,816	257,962
– Cothabháil réadmhaoine neamhforbartha	273,844	238,833
	1,774,226	2,045,795
Caipiteal		
– Oibreacha Forbartha	350,000	323,102
– 7&8 Sráid Thomáis, 1 Sráid na Craenach	499,087	–
	849,087	323,102

2. Deontais Eile

Fuarthas deontas €20,000 ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta chun críocha Staidéar Máistirphlean Sráid Thomáis Theas – staidéar faoi Ghníomh 22 de Bheartas an Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015.

3. Foireann agus Costais Ghaolmhara

Is é an meánlíon foirne a bhí fostaithe ag an nGníomhaireacht le linn na bliana ná 10 (2013: 11. Ba iad na costais chomhbhailithe párolla ná:

	2014	2013
	€	€
Foireann a fuair tuarastal	605,319	709,077
Foireann ar iasacht	56,299	–
Foireann ar chonradh (clúdach do shaoire mháithreachais san áireamh)	112,696	157,365
Táillí baill Bhoird	26,833	32,395
ÁSPC Fostóra	59,640	70,984
Ranníocaíocht Phinsin an Fhostóra	91,230	117,252
	952,017	1,087,073

Cloíonn Gníomhaireacht Forbarhta an Mhoil Dhigitigh le beartas pá an Rialtais agus téarmaí Bhóthair Haddington a tháinig i bhfeidhm ar an 1ú Iúil 2013. In 2014 baineadh €40,585 (2013: €52,695) as tuarastail maidir leis an dTobhach Pinsin agus íocadh leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha é. In 2014 bronnadh caiteachas iomlán €2,000 (2013: €2,000) ar bhail den bhfoireann mar aitheantas d'fhostaí.

Don tréimhse sé mhí go dtí an 27 Meitheamh 2014 ghlac an Príomhoifigeach Oibriúcháin freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh ar bhonn eatramhach. Le linn na tréimhse seo fuair an Príomhoifigeach Oibriúcháin tuarastal €55,335 lenar áiríodh Lamháltas Ard-dualgas €5,975. Níor íocadh aon íocaíochtaí ná lamháltais maidir le feidhmíocht. Tar éis don bPríomhoifigeach Oibriúcháin éirí as ar an 27 Meitheamh líonadh post eatramhach an POF don chuid eile den tréimhse go dtí an 31 Nollaig faoi shocrú iasachta ar caitheadh €56,299 san iomlán air.

Comhlíonann an Gníomhaireacht Forbarhta don Mhol Digiteach le treoirlínte an Rialtais maidir le híocaíocht táillí le comhaltaí an Bhoird. Níor íocadh aon chaiteachas a bhaineann leis an mBord in 2014. Táillí baill Bhoird a íocadh in 2014:

	Táillí (€)
– Paul Holden (Chathaoirleach)	11,788
– Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	–
– Clare Duignan	7,350
– Owen Keegan	–
– Katherine Licken	–
– Brendan McDonagh	–
– Seamas Ratigan	7,695

NÓTAÍ

4. Oibríochtaí, Costais Ginearálta agus Riaracháin

	Nóta	2014 €	2013 €
Taisteal & Cothú		10,595	8,545
Seirbhísí a bhaineann leis an Oifig (rátaí san áir.)		1,318,455	1,352,249
Forchostais Oifige		121,639	138,944
Árachas		57,087	56,307
Costais a bhaineann le Margáiocht		64,261	76,152
Imeachtaí Líonraithe (Ranníocaíocht ón nGníomhaireacht) ¹		8,670	12,202
Caiteachas a bhaineann leis an Réadmhaoin ²		209,698	260,856
Seirbhísí Gairmiúla	4.1	143,545	174,407
Táille Iniúcháireachta		11,000	11,000
Dímheas (féach Nóta 6)		283,601	444,037
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		–	341
Drochfhiacha		18,116	14,454
Táillí Bainc		1,808	1,961
Ilchineálach		2,320	1,860
		2,250,795	2,553,315

¹ Cinntíonn beartas na Gníomhaireachta um imeachtaí líonraithe go gcoinnítear ardchaighdeán ionracais agus cuntasachta agus go mbainistítear ócáidí ina dtabhaítear caiteachas ar bhia agus/nó deoch le freagracht agus cuspóir ghnó.

² Baineann Caiteachas a bhaineann le Réadmhaoin le caiteachas a ghabhann le cothabháil réadmhaoin neamhfhorbartha/ neamhshealbhaithe.

4.1 Seirbhísí Gairmiúla

	2014 €	2013 €
Dlíthiúil & Ceannach	11,525	35,029
Iniúchadh Inmheánach	11,337	15,353
Caidreamh Poiblí/Gnóthaí Poiblí	49,603	37,710
Seirbhísí Inneachair Dhigitigh	34,800	34,800
Straitéis/Éascaíocht AD	32,595	46,040
Seirbhísí Eile	3,685	5,475
	143,545	174,407

5. Caidreamh Pobail

Baineann leis an gcostas ar chlár don bpobal áitiúil a sholáthar.

	2014	2013
	€	€
Bainistiú Clár	35,000	73,000
Imeacht Dúshlán Dhigitigh Dare 2b	–	18,360
Costais eile	700	4,834
	35,700	96,194

Tá Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach tiomanta i gcónaí don gcaidreamh leis an bpobal áitiúil. Le linn 2014 rinneadh comhairliúchán neamhfhoirmiúil le luchtanna leasa an phobail áitiúil chun teagmháil leis an bpobal amach anseo a bhreathnú agus tá pleananna á ndréachtú don gcaidreamh trí ghrúpaí fiontair áitiúla agus trí Phlean Limistéir Áitiúil do na Libeartaí de chuid Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath.

6. Tionscnaimh Dhigiteacha

Baineann le costais ar thograí agus tionscadail digiteacha a sholáthraíonn leaba tástála d'úsáid meán digiteach.

	2014	2013
	€	€
Tionscadal Eiseamláir Leathanbhanda na Scoileanna*	34,923	102,400
An Tionscadal Future Creators	66,947	78,145
Tionscnaimh Connected Health (Sláinte Nasctha)	66,035	77,417
	167,905	257,962

* Críochnaíodh obair na Gníomhaireachta le togra píolótach Eiseamláir Leathanbhanda na Scoileanna Warrenmount i mí Mheithimh 2014.

NÓTAÍ

7. Cánachas

Tá an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach faoi dhliteanas cáin chorparáide a íoc maidir le hioncam úis (Cás III/IV) agus ioncam cíosa (Cás V). Déanann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach foráil freisin do cháin iarchurtha ar bhonn ‘forála iomláine’ ag éirí as difríochtaí uainiúcháin idir gnóthachain nó cailteanas sna ráitis airgeadais a aithint agus a n-aitheantas sa ríomh cánach.

Is é seo a leanas an cháin atá gearrtha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2014 €	2013 €
Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí	–	–
Cáin larchurtha	(17,355)	(20,727)
Muirear don bhliain	(17,355)	(20,727)

Díolmhaíonn Alt 610 den Acht Chomhdhlúite Cánacha 1997 (Sceideal 15) an Ghníomhaireacht ó Cháin Gnóthachan Caipitiúil ar dhiúscairtí a rinneadh ar an 1 Eanáir 2008. I ndáil le gach dliteanas cánach eile tá an Ghníomhaireacht meáite ar a bheith ina heiseamláir maidir le dlíthe cánachais a chomhall agus a cuid oibleagáidí cánach a chomhlíonadh.

8. Sócmhainní Seasta

	Iomlán €	Forbairt Sócmhainní €	Infheistíocht Réadmhaoin €	Daingneáin & Feistis €	Trealamh Ríomhaire €
Costas/Luacháil					
amhail 1 Ean. 2014	18,879,821	8,025,130	7,140,811	2,604,778	1,109,102
Breiseanna	1,013,272	911,737	6,133	70,167	25,235
Athaicmiú	–	(300,000)	300,000	–	–
Athluacháil	2,150,000	1,080,000	1,070,000	–	–
amhail 31 Nollaig 2014	22,043,093	9,716,867	8,516,944	2,674,945	1,134,337
Dímheas					
amhail 1 Ean. 2014	3,126,743	–	–	2,047,472	1,079,271
Muirear don bhliain	283,601	–	–	264,285	19,316
amhail 31 Nollaig 2014	3,410,344	–	–	2,311,757	1,098,587
Glanluach na leabhar					
amhail 1 Ean. 2014	15,753,078	8,025,130	7,140,811	557,306	29,831
amhail 31 Nollaig 2014	18,632,749	9,716,867	8,516,944	363,188	35,750

8.1 Réadmhaoin Infheistíochta

Sa tábla thíos leagtar amach sonraí na Réadmhaoin Infheistíochta atá i seilbh na Gníomhaireachta amhail 31 Nollaig 2014.

Foirgneamh	Luach amhail 31 Nollaig 2014 (i €000)	Cur síos
Iosta Digiteach	2,101	Tá an tIosta Digiteach agus Tigín an Gheata i seilbh na Gníomhaireachta agus Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath le chéile agus á n-oibriú ag an nGníomhaireacht mar oifigí fiontair. Tá leas 50% Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath á chosaint ag Gníomhas Iontaobhais. Lasmuigh de sin tá gach riosca agus luaíochtaí úinéireachta leis an nGníomhaireacht. De bharr nach bhfuil sé i gceist an foirgneamh a chur de lámh i láthair na huaire an réadmhaoin sna cuntais agus glactar le teidlíocht na Comhairle Cathrach mar dhliteanas teagmhasach.
Tigín an Gheata	300	Athchóiríodh Tigín an Gheata mar oifigí fiontair agus athaicmíodh iad mar réadmhaoin Infheistíochta in 2014.
An Chúirt Dhigiteach (Digital Court)	2,387	Foirgneamh ar le hOifig na nOibreacha Poiblí é a deonaíodh don nGníomhaireacht in 2009 faoi chomhaontú um roinnt ioncaim 99 mbliain ar léas mar oifigí fiontair.
10-13 Sráid Thomáis	1,004	Foirgnimh i seilbh na Gníomhaireachta ar léas mar oifigí fiontair.
88 Sráid Thomáis	1,380	
157 Sráid Thomáis	830	
88 Sráid Thomáis	515	Foirgneamh i seilbh na Gníomhaireachta ar léas do Bhanc na hÉireann.
	€8,517	

De bhreis ar sin is foirgneamh ar le hOifig na nOibreacha Poiblí é an Malartán Digiteach a deonaíodh don nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach. Déanann an Gníomhaireacht an foirgneamh agus a chuid tionóntaí a bhainistiú. Ní haithnítear aon luach maidir leis an bhfoirgneamh seo ar an gClár Comhardaithe.

In 2014, shínigh an Gníomhaireacht Comhaontú chun láthair a dhíol, dá dtagraítear láthair Sráid Bonham agus í ag cuimhneamh ar fhoirgneamh tréigthe a athchóiriú agus a athrú ina n-oifigí fiontair. Grainstore a ghlaoitear ar an bhfoirgneamh seo. Ní aistrefar úinéireacht láthair Sráid Bonham go dtí go mbeidh an t-athchóiriú críochnaithe in 2015. Dá réir sin coinnítear luach láthair Sráid Bonham ar an gClár Comhardaithe ar an 31 Nollaig 2014.

8.2 Athluacháil Réadmhaoin

Déanann gnóthas gairmiúil luachálaithe luach margaidh sócmhainní forbartha agus réadmhaoin infheistíochta a mheas i gceann gach 5 bliana agus trí thagairt a dhéanamh d'innéacsanna réadmhaoin agus/nó tuairim ghairmiúil sa tréimhse eatramhach. Rinneadh an luacháil ghairmiúil is déanaí maidir leis an luach mar a bhí sé ar an 31 Nollaig 2010.

NÓTAÍ

8.2 Athluacháil Réadmhaoine (ar leanúint)

Thug innéacsanna réadmhaoine ó Chumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann le tuiscint gur tháinig méadú tuairim is 15% ar luachanna réadmhaoine le linn 2014 agus méadaíodh na luachanna ar an gclár comhardaithe dá réir.

Aithníodh gnóthachan athluachála €2,150,000 ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais. Mar atá leagtha amach sna beartais chuntasaíochta aithnítear méadú ar luacháil sa Chúlchiste Athluachála ach amháin má aisiompaíonn sé laghdú luacha a aithníodh roimhe seo sa Chuntas loncaim agus Caiteachais. Sa chás seo cuirtear chun sochair é sa Chuntas loncaim agus Caiteachais.

Amháil 31 Nollaig 2013 ba é €33,640,191 an laghdú carnach ar luacháil i ndáil le Sócmhainní Forbartha ó ceannaíodh iad agus €8,196,668 i ndáil le Réadmhaoin Infheistíochta. Aithnítear an gnóthachan athluachála €2,150,000 sa chuntas loncaim agus Caiteachais in 2014 mar léiriú sé cuid d'aisiompú laghdaithe luacha a aithníodh roimhe seo i ndáil le Sócmhainní Forbartha agus Réadmhaoin Infheistíochta.

9. Féichiúnaithe

	2014 €	2013 €
CBL	52,371	36,536
Féichiúnaithe Cíosa	295,755	286,458
Réamhíocaíochtaí	51,503	51,833
Féichiúnaithe eile	14,621	4,198
Cánachas	76,072	58,731
	490,322	437,756

10. Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2014 €	2013 €
Creidiúnaithe agus Fabhrúithe – Oibríochtaí	213,459	354,115
– Forbairt Réadmhaoine	462,068	134,477
Cáin Siarghabhála Seirbhísí Gairmiúla agus Cáin maidir le Conarthaí lena mbaineann	14,140	43,242
Cánacha agus Asbhaintí Párolla	21,263	29,705
Soláthar do Shaoire Bhliantúil a glacadh	9,000	–
Ioncam Iarchurtha	180,580	170,464
Éarlaisí Urrúis	330,226	257,816
	1,230,736	989,820

11. Cúlchiste Caipitil

	2014 €	2013 €
1 Ean. Iarmhéid Tosaigh	58,473,143	58,150,041
Cistí Caipitil – Obair Forbartha	350,000	323,102
Cistí Caipitil – 1 Sráid na Craenach, 7&8 Sráid Thomáis	499,087	–
Ilchineálach	(25)	–
31 Noll. Iarmhéid Deiridh	59,322,205	58,473,143

12. Costais Phinsin

a. Scéim Phinsin

Faoi Alt 21 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, cuireann an Ghníomhaireacht scéim um shochair aoisliúntais ar fáil dá foireann faoi réir cheadaithe ón Aire. Tá Scéim Aoisliúntais na Gníomhaireachta agus an Scéim Phinsin do Chéilí agus Leanáí á oibriú ar 'bhonn riaracháin' formheasta go dtí go gceadóidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an scéim go foirmeálta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Forálann an iar-scéim sochair luathscoir (cnapshuim agus pinsean) do bhaill foirne, agus sochair aisce bháis i gcás 'bás le linn seirbhíse'. Déanann an scéim dheireanach foráil do shochair phinsin do chéile agus do leanáí cleithiúnacha an bhaill nach maireann. Is scéimeanna aoisliúntais le sochar sainithe neamhchistithe iad an dá scéim sin.

Baintear tobhaigh phinsin as na tuarastail agus íoctar go bhliantúil iad chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha mar aon le ranníocaíocht ón bhfostóir. Faoin socrú atá i bhfeidhm aisíocann an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha dliteanas pinsin iomlán na Gníomhaireachta de réir mar a bhíonn siad dlite. Aithníonn an Ghníomhaireacht a ceart i leith na haisíocaíochta mar shócmhainn ar leith.

Tá oiriúnú déanta ag an mbord ar láimhseáil agus nochtadh faisnéise a iarrtar sa chleachtas cuntasaoíochta, Cleachtas Tuairiscithe Airgeadais 17 (Sochair Scoir), d'fhonn na dálaí atá i bhfeidhm a léiriú. Ba é an dliteanas pinsin de réir FRS17 amhail 31 Nollaig 2014 1,600,000 (2013: €1,500,000).

Tá na torthaí anseo thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar dhliteanas phinsin maidir le foireann na Gníomhaireachta mar a bhíodar ar an 31 Nollaig 2014. Is achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil ar mhaithe le riachtanais FRS 17.

Cuireadh an Príomhoifigeach Oibriúcháin a ghlac freagrachtaí an POF ar bhonn eatramhach go dtí gur éirigh sé as an 27 Meitheamh san áireamh i Scéim na Gníomhaireachta. Don tréimhse a bhí fágtha go dtí an 31 Nollaig líonadh post an POF faoi shocrú iasachta.

12. Costais Phinsin (ar leanúint)

b. Foshuímh Airgeadais

Is iad seo a leanas na foshuímh airgeadais a úsáidtear chun dliteanais scéime faoi FRS17 a ríomh:

	2014	2013
Ráta lascaine	5.5%	5.5%
Méadú ar an ráta tuarastail	4.0%	4.0%
Méadú ar an ráta pinsin	4.0%	4.0%
Méadú ar an ráta boilscithe	2.0%	2.0%
Ionchas saoil in aois 65: Fear	22 years	22 years
Ionchas saoil in aois 65: Bean	25 years	25 years

c. Costais Phinsin

i) Anailís ar chostais phinsin iomlána a gearradh ar chaiteachas

Tá Costais Phinsin de €91,230 arna ngearradh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar aon dul leis na socrúithe chistithe arna gcomhaontú leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. In éagmais an tsocraithe aisíocaíochta, is é seo a leanas an iarmhairt ar chostais a d'fhéadfadh teacht as:

	2014 €	2013 €
Iomlán na ranníocaíochtaí Fostóra	91,230	117,252
Costais seirbhíse reatha*	170,000	180,000
Costais úis	80,000	80,000
Coigeartú do Chistiú Pinsin Iarchurtha ón Stáitchiste	(250,000)	(260,000)
	91,230	117,252

* Cuireadh ranníocaíocht fostaí €30,553 (2013: €35,400) san áireamh i ríomh an chostas seirbhíse reatha.

ii) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin

	2014 €	2013 €
Glandliteanas Pinsin amhail 1 Eanáir	1,500,000	1,400,000
Costais seirbhíse reatha	170,000	180,000
Costais úis	80,000	80,000
(Gnóthachain)/Cailteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime	(150,000)	(160,000)
Pinsin arna n-íoc sa bhliain	–	–
Glandliteanas Pinsin amhail 31 Nollaig	1,600,000	1,500,000

13. Gnóthas Leantach agus Forbairt Amach Anseo

Is meascán de réadmhaoin infheistíochta agus sócmhainní forbartha iad an réadmhaoin ar leis an Gníomhaireacht í. Úsáidtear an réadmhaoin infheistíochta mar oifigí fiontair. Tá an réadmhaoin atá fágtha faoi réir dhá chonartha forbartha atá éagtha anois. D’ainneoin gur foirceannadh an dá chonradh tá an Gníomhaireacht ag díriú i gcónaí ar oifigí fiontair a chur ar fáil agus tá dul chun cinn á dhéanamh aici i gcónaí ar champas an Mhoil Dhigitigh a forbairt ar aon dul lena cuid spriocanna.

I gcaitheamh na bliana rinneadh athchóiriú ar fhoirgneamh Tigín an Gheata agus síníodh socrú chun cóiríocht do mhic léinn a forbairt ar láthair Sráid Bonham mar aon le hathchóiriú ar fhoirgneamh an Grainstore. I mí na Nollag cuireadh tús le hathfhorbairt a dhéanamh ar 1 Sráid na Craenach agus 7&8 Sráid Thomáis.

In 2014 d’fhorbair an Gníomhaireacht straitéis chun tacú le haistriú na Gníomhaireachta chuig Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath mar chuid den gClár um Athchóiriú na hEarnála Poiblí. Fuarthas Faomhadh ón Rialtas ar an 14 Eanáir 2015 chun an Gníomhaireacht a aistriú trí eintiteas neamhspleách a bhunú faoi choimirce Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath agus Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh a dhíscaoileadh. Beidh feidhm leis an aistriú ar achtú na reachtaíochta. Táthar ag súil le n-í seo a bheith críochnaithe in 2016.

Freastalaíonn an Gníomhaireacht ar a cuid costais oibriúcháin faoi láthair ó mheascán de dheontais ón Státchiste agus ioncam tráchtála agus meastar go leanfaidh maoiniú ón Státchiste ar aghaidh in 2015 chun freastal ar oibleagáidí airgeadais leanúnacha. Ar an ábhar sin, déantar na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh.

14. Baill an Bhoird – Nochtadh Idirbheart

Chloíonn an Gníomhaireacht leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna na mBall Boird.

Níor tharla aon idirbhearta i rith na tréimhse maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ina raibh leas tairbhiúil ag aon bhall den Bhord ann.

15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D’fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 9ú Iúil 2015.